Cuntas Leithreasa 2019

# Vóta 37

# Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Shóisialach

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 37, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas ar ceangal ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 ar thuarastail agus speansais Oifig an Aire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, lena n-áirítear seirbhísí áirithe a riar an Oifig sin, d'íocaíochtaí leis an gCiste Árachais Shóisialaigh (CÁS) agus do dheontais áirithe.

Cuirtear toradh an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna

a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2019, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
b) arna gcur ar fáil do sheirbhísí soláthair caipitil in 2019 as leithreasaí neamhchaite 2018, faoi na socruithe iarchurtha géillte a bhunaigh Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004.

Tá barrachas €51.460 milliún faoi dhliteanas lena thabhairt suas don Státchiste.

Tá an Ráiteas ar Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1- 6 mar chuid den chuntas.

***Soláthar seirbhísí gníomhaireachta***

Leanann an Roinn Airgeadais ag gníomhú mar ghníomhaire íocaíochta den Roinn Airgeadais ar mhaithe le dliteanais fhaofa íocaíochtaí cnapshuime phinsinéirí Chriostal Phort Láirge a chomhlíonadh agus íocaíochtaí leanúnacha pinsin Chriostal Phort Láirge faoi Alt 48B d'Acht na bPinsean, 1990, arna chur isteach le halt 4 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Uimh. 2), 2014. Tarraingíonn an Roinn cistiú anuas ón Lár-Chiste agus aistríonn an Roinn é chuig an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, a chuir tús leis na híocaíochtaí aonair a phróiseáil ó Dheireadh Fómhair 2017. Déantar na suimeanna a íocadh a thuairisciú sna cuntais Airgeadais.

## An Ráiteas ar Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, a leagann an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe amach i gCiorclán 27 de 2019, i bhfeidhm agus an cuntas seo á ullmhú, seachas na nithe seo a leanas:

***Ró-íocaíochtaí a aisghabháil***

Cuirtear aisghabháil fiachais i dtaca le ró-íocaíochtaí ginearálta/scéime tacaíochta ioncaim i gcuntas mar seo a leanas.

- Cuirtear aisghabhálacha airgid thirim agus asbhaintí i gcuntas ar an dáta a dhéantar iad a mheaitseáil i gcoinne an tsealbhóra ábhartha fiachais. Coimeádtar suimeanna aisghabhála neamh-mheaitseáilte ar fionraí agus cuirtear i gcuntas iad mar ioncam a dhéanann laghdú comhfhreagrach ar fhiachas nuair a aithnítear iad. Mar gheall gurb é Vóta 37 an príomhfhaighteoir na bhfáltas de ró-íocaíochtaí, coimeádtar fáltais neamh-mheaitseáilte i gcuntas fionraí ar feitheamh réitigh agus cuirtear iad i gcuntas i Vóta 37 nó sa Chiste Árachais Shóisialaigh (CÁS), faoi mar is cuí ina dhiaidh.
- Caitear le haisghabhálacha airgid thirim agus asbhaintí i dtaca le blianta cuntasaíochta roimhe seo mar ioncam na bliana reatha cuntasaíochta. Déantar aisghabhálacha airgid thirim agus asbhaintí i dtaca leis an mbliain reatha chuntasaíochta a ghlanluacháil i gcoinne an chaiteachais don bhliain reatha chuntasaíochta.

***Íocaíochtaí a aithint***

Is ionann íocaíochtaí agus na suimeanna sin a íoctar i rith na bliana. Meastar go bhfuil suimeanna tagtha isteach nuair a bhíonn íocaíocht á déanamh sa chás gur tabhaíodh an dliteanas, go bhfuil an íocaíocht dlite agus gur cuireadh an treoir don íocaíocht (seic nó ríomhaistriú airgid) i bhfeidhm ar an gcóras ábhartha íocaíochta. Aithnítear íocaíochtaí leasa airgid thirim a dhéantar trí An Post nuair a íoctar amach iad. Sa chás go dtagann an gnáthdháta íocaíochta aníos ar lá saoire bainc, d'fhéadfadh gur gá íocaíochtaí a eisiúint go luath. Ag deireadh na bliana, is gnách go n-aithnítear íocaíochtaí a eisíonn bainc trí ríomhaistriú airgid nó trína dtiontú ina n-airgead go luath ag custaiméirí in oifigí poist, a thagraíonn don bhliain ina dhiaidh sin, mar réamhíocaíochtaí.

## An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach a dhearbhú go réasúnta seachas go hiomlán go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialuithe inmheánacha a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhís chomhroinnte acmhainní daonna agus phárolla a sholáthar.

Braithim ar litir dhearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Vóta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí nuair a bhíonn seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn.

Is mar a leanas atá an staid i ndáil leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach:

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an fhreagracht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal sa chás gur sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchta ann chun comhairle a chur orm agus mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais á gcomhlíonadh agam.
- Rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Sócmhainní caipitil a rialú***

Cuireadh plean ilbhliana le dul i ngleic le haithint sócmhainní, scoir agus aistrithe, clibeáil sócmhainní agus fardail thréimhsiúla ina measc, i bhfeidhm in 2019.

Rinneadh go leor de na sonraí sa chlár sócmhainní a ghlanadh i rith 2019. Shainaithin an Roinn roinnt bogearraí sócmhainní TF sa chlár sin a d'imigh as feidhm, roinnt sócmhainní crua-earraí TF a athsholáthraíodh agus troscán agus feistis ar a raibh luachanna sócmhainne faoi €1,000. Rinne an Roinn sócmhainní a chaipitliú roimh 2019 a bhí faoi bhun na tairsí €1,000. Rinneadh thart ar €43 milliún de na sócmhainní seo a bhaint as feidhm in 2019. Tá glanadh leanúnach sonraí an chláir shócmhainne ar bun lena chinntiú gur féidir sócmhainní a rianú ón gclár sócmhainní siar go dtí fardal fisiciúil nó a chomhionann.

Forbraíodh formáid nua chlibe/bharrachóid i gcomhar lenár gconraitheoirí tacaíochta TF. Tá an fhormáid bharrachóid do shócmhainní comhoiriúnach do phleananna Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais amach anseo. Rinne an Roinn clibeanna a tháirgeadh do bhreisiúcháin sócmhainní in 2018 agus 2019. Leanfar ar aghaidh in 2020 le breisiúcháin sócmhainne roimh 2018 a chlibeáil. Cuireadh tús le hobair forbartha ar mhodheolaíocht scanta chun na sócmhainní clibeáilte seo a chur i dtaifead.

Rinne córas *Lansweeper*, bogearraí bainistíochta sócmhainní TF gan ghníomhaire agus Fardal Líonra, scanadh sceidealaithe seachtainiúil ar chrua-earraí agus bogearraí TF. Is féidir leis an Roinn tuairiscí a chur ar siúl ar bhonn seachtainiúil, míosúil nó ad hoc lena dheimhniú cén sócmhainní TF atá nasctha le líonra na Roinne.

I ndiaidh go ndearnadh an cleachtadh mór glanta sonraí a luaitear thuas, tá sé ar intinn ag an Roinn sonraí fardail a sheoladh in 2020 chuig limistéir ghnó lena dheimhniú gurb ann do throscán agus feistis. Déanfar é seo ar bhonn rothlach le cumhdach na limistéar go léir a chinntiú faoi cheann roinnt blianta.

***Réitigh fiachais***

Ceadaíonn an córas cuntasaíochta fiachais agus fáltas (CCFF) de chuid na Roinne fiachas, a rinneadh a aisghabháil ina oifigí áitiúla, a thaifeadadh agus a bhreacadh go huathoibríoch óna chuntais bhainc fáltais agus trí asbhaint a dhéanamh ó íocaíochtaí na Roinne le custaiméirí.

Ó tugadh an CCFF isteach go déanach in 2014, rinneadh tagairt sna ráitis bhliantúla ar rialú inmheánach airgeadais (RRIAanna) d'athraithis neamhréitithe maidir le féichiúnaithe a bhain leis an CCFF, suimeanna a aisghabhadh agus iarmhéideanna bainc agus airgid thirim. Chuir an Roinn acmhainní breise i bhfeidhm sa limistéar seo agus tá dul chun cinn suntasach déanta aici i ndul i ngleic leis na saincheisteanna seo i rith 2018 agus 2019. Dírítear aird anois ar an limistéar seo a leanas:

***Suimeanna neamh-mheaitseáilte***

Déanann custaiméirí a fuair ró-íocaíocht, amanna, gan dóthain sonraí le ceangal a dhéanamh idir an ró-íocaíocht agus a bhfiachas atá le híoc go fóill. Mar thoradh air sin, i gcásanna áirithe, tá srian ar an Roinn ó na suimeanna seo a shainaithint agus a mheaitseáil leis an gcustaiméir. Ó cuireadh an CCFF i bhfeidhm in 2014, próiseáladh breis agus €400 milliún de ró-íocaíochtaí aisghafa ar an CCFF. Amhail an 31 Nollaig 2019, is é an tsuim iomlán a taifeadadh i gcóras cuntasaíochta na Roinne i dtaobh aisghabhálacha neamh-mheaitseáilte de ró-íocaíochtaí €3.2 milliún (2018: €3.2 milliún). D'fhéadfaí a áireamh le suimeanna neamh-mheaitseáilte suimeanna a próiseáladh sular tháinig fiachais agus íocaíochtaí custaiméara aníos a dteastaíonn aisíocaíochtaí uathu.

Tá tús curtha le hobair anois ar na suimeanna neamh-mheaitseáilte seo a réiteach agus is éard a bhaineann leis an obair sin: (a) fáltais neamh-mheaitseáilte chustaiméara i bhfionraí ar an CCFF a réiteach le fáltais neamh-mheaitseáilte ar chóras cuntasaíochta na Roinne; agus (b) anailís ar aois na bhfáltas siúd ag féachaint leis na suimeanna siúd a chur i gcuntas, go buan, a rinneadh a imscrúdú go hiomlán ach nár réitíodh fós.

***Éilimh Covid-19 a phróiseáil***

Fuair agus phróiseáil an Roinn breis agus 392,000 éileamh amhail an 27 Márta 2020 a bhain le ráig Covid-19. B'ionann seo agus ualach éileamh 19 mí a fháil laistigh de thréimhse ach dhá sheachtain.

Nuair a chuirtear san áireamh an méid an-mhór d'éilimh, na réamh-mheastacháin maidir leis an ráta dóchúil ionfhabhtaithe Covid-19 i measc an daonra, foireann na Roinne san áireamh, a dhéanfadh difear don acmhainn chun éilimh a phróiseáil, agus do na breithnithe uileghabhálacha sláinte poiblí agus leas an phobail, níorbh fhéidir ná níor chuí gach ceann de na gnáthsheiceálacha rialaithe a dhéanamh nuair a bhí éilimh á gclárú. Próiseáladh na héilimh go léir freisin ar bhunráta singil €350 sa tseachtain.

Chruthaigh an cur chuige seo ardleibhéal riosca – i dtaobh leibhéil rialaithe a cuireadh i bhfeidhm ar an scéim agus maidir le teicneolaíocht faisnéise freisin, inar tógadh agus inar cuireadh córas nua íocaíochta i bhfeidhm, go héifeachtach, laistigh de thréimhse ní ba ghiorra ná seachtain.

Cé nach gnách dom, mar Oifigeach Cuntasaíochta, glacadh le leibhéal riosca chomh hard sin, bhí mé sásta an uair seo go raibh an cur chuige a glacadh riachtanach agus comhréireach agus go raibh sé ar mhaithe le leas an phobail.

Bhí mé sásta freisin go ndearna roinnt bunseiceálacha rialaithe agus cáilitheachta an riosca a mhaolú beagán. Chaith na seiceálacha seo súil ar réimse saincheisteanna, aois, seoladh, baint le fostaíocht, bailíocht an UPSP, éilimh dhúblacha á ndéanamh agus le cinntiú nach raibh aon fhorluí ann i gcásanna ina raibh íocaíocht á fáil ag daoine aonair tríd an Scéim Fóirdheontas Pá Shealadach freisin. Nuashonraíodh cláir rioscaí agus pleananna gnó na Roinne chun na rioscaí, a bhaineann le héilimh a phróiseáil i rith Covid-19, a shainaithint agus chun déileáil leo. Tugadh ráta breise €203 isteach ón 29 Meitheamh 2020 anuas ar an mbunráta €350 a íocadh i dtosach.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta. Áirítear leis seo na gnéithe seo a leanas:

- tá córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú leanúnach
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a thugann feidhmíocht airgeadais le fios i leith na dtuartha
- oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- tá na treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus na disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann
- cinntíonn an Roinn go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí sa Roinn ag a bhfuil pearsanra ar ar cuireadh an oiliúint chuí, a oibrítear i gcomhréir le cairt scríofa a d'fhaomh mé. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh faisnéis ar fáil don obair iniúchóireachta inmheánaí, agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta. Déanaimse agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go leantar le tuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair***

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. Rinne an Roinn tuairisciú i dtuairisceán 40/02 leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar ocht gconradh ar luach €1,184,095 ar iontráladh iontu in 2019 nach raibh faoi réir próiseas soláthair iomaíoch. Ina theannta sin, bhí ceithre chonradh is fiche ann chun Seirbhís Infhostaitheachta a sholáthar, a raibh luach iomlán €8,850,000 orthu, nach raibh faoi réir próiseas tairisceana iomaíche agus ar cheart iad a chur san áireamh i dtuairisceán 40/02 don bhliain 2019.

As an soláthar iomaíoch neamhiomaíoch €10,034,095:

- Measadh go raibh seacht gconradh ar luach iomlán €891,415 comhlíontach mar gheall gur bhain earraí/seirbhísí dílsithe a sholáthar leo agus gur fágadh iomaíocht as an áireamh ar chúiseanna teicniúla.
- Measadh go raibh cúig chonradh is fiche ar luach iomlán €9,142,680 neamhchomhlíontach ar na cúiseanna seo a leanas:
    - Rinneadh conradh soláthair amháin ar luach €292,680 a thar-rolladh ar feitheamh agóid dhlíthiúil ar chreat na hOifige um Sholáthar Rialtais a thabhairt chun críche. Mar thoradh air sin, iarradh ar an Roinn chun a hiarraidh féin ar thairiscint chun an cheist a thabhairt chun rialtachta agus cuireadh conradh nua i bhfeidhm ó shin i leith.
    - Ceithre chonradh soláthraí seirbhíse is fiche ar a bhfuil costas iomlán €8,850,000 in 2019 chun Seirbhís Infhostaitheachta a sholáthar ar fud an Stáit. Déanann Seirbhís Infhostaitheachta, a oibríonn eagraíochtaí pobail agus deonacha, tacaíocht ghníomhachtaithe do chuardaitheoirí poist faoi mhíchumas. Déantar na 24 conradh a athnuachan ar bhonn bliantúil. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an Roinn ar conas ba cheart na seirbhísí a sholáthar agus a fháil ar bhonn leanúnach, ar aon dul le nósanna imeachta soláthair phoiblí.

***Creat riosca agus rialaithe***

Chuir an Roinn córas bainistíochta riosca i bhfeidhm a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, na rioscaí siúd a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an Roinn agus rinneadh iad seo a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú i dtaobh a thábhachtaí atá siad. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí i leith leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus an limistéar gnó atá freagrach as na gníomhartha rioscaí.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, sa chás gurb iomchuí, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe siúd agus aon easnaimh a thugtar le fios a shainaithnítear.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú ar éifeachtacht chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais na Roinne curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2019 óna dteastaíonn nochtadh sa chuntas leithreasa.

**John McKeon**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

An 31 Lúnasa 2020

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 37 Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Shóisialach

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 37 Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 37 Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

#### *Rialtacht chaiteachais*

Baineann Caibidil 4 de mo thuarascáil faoi chuntas na seirbhísí poiblí do 2019 le híocaíochtaí leasa os cionn teidlíochtaí atá san áireamh i gcuntas 2019 do Vóta 37. Is é mo thuairim go bhfuil an leibhéal measta íocaíochta neamhrialta árbarta.Scrúdaíonn an chaibidil seo rialú na roinne ar íocaíochtaí leasea shóisialaigh.

#### *Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair*

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla cásanna ábhartha neamhchomhlíonta le rialacha soláthair maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2019.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
31 Lúnasa 2020

# Vóta 37 Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Shóisialach

## Cuntas Leithreasa 2019

| | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | Suim a soláthraíodh sa mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| **Scéimeanna cúnaimh shóisialaigh, seirbhísí, riarachán agus íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh** | | | | |
| Riarachán | | | | |
| *Tosaigh* | 569,517 | | | |
| *Géilleadh iarchurtha* | 1,000 | | | |
| *Forlíontach* | (15,000) | | | |
| | | 555,517 | 541,140 | 541,396 |
| Pinsin | | | | |
| *Tosaigh* | 1,022,075 | | | |
| *Forlíontach* | 25,825 | | | |
| | | 1,047,900 | 1,042,838 | 1,020,260 |
| Aois oibre – tacaíochtaí ioncaim | | | | |
| *Tosaigh* | 2,384,595 | | | |
| *Forlíontach* | 49,910 | | | |
| | | 2,434,505 | 2,426,227 | 2,610,477 |
| Aois oibre – tacaíochtaí fostaíochta | | | | |
| *Tosaigh* | 723,540 | | | |
| *Forlíontach* | (8,600) | | | |
| | | 714,940 | 712,375 | 773,863 |
| Breoiteacht, míchumas agus cúramóirí | | | | |
| *Tosaigh* | 2,941,220 | | | |
| *Forlíontach* | 93,265 | | | |
| | | 3,034,485 | 3,021,168 | 2,803,538 |
| Leanaí | | | | |
| *Tosaigh* | 2,635,560 | | | |
| *Forlíontach* | (21,360) | | | |
| | | 2,614,200 | 2,615,036 | 2,611,287 |
| Íocaíochtaí forlíontacha, etc. | | | | |
| *Tosaigh* | 549,766 | | | |
| *Forlíontach* | (32,840) | | | |
| | | 516,926 | 512,377 | 573,426 |
| Fóirdheontas leis an gCiste Árachais Shóisialaigh | | — | — | — |
| **Ollchaiteachas** | | | | |
| *Tosaigh* | 10,826,273 | | | |
| *Géilleadh iarchurtha* | 1,000 | | | |
| *Forlíontach* | 91,200 | | | |
| | | **10,918,473** | **10,871,161** | **10,934,247** |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| *Lúide* | | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | | | |
| *Tosaigh* | 226,500 | | | |
| *Forlíontach* | (8,800) | | | |
| | | **217,700** | **223,035** | **207,009** |
| **Glanchaiteachas** | | | | |
| *Tosaigh* | 10,599,773 | | | |
| *Géilleadh iarchurtha* | 1,000 | | | |
| *Forlíontach* | 100,000 | | | |
| | | **10,700,773** | **10,648,126** | **10,727,238** |

**Barrachas**

Is ionann an barrachas agus an tsuim a sholáthraítear os cionn na glanshuime atá faoi dhliteanas lena thabhairt suas don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, is féidir na leithreasaí neamhchaite go léir nó cuid díobh do sheirbhísí soláthair chaipitiúil a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dar gcionn. Tugadh €1.187 milliún de leithdháiltí neamhchaite maidir le gnéithe caipitil d'fhotheideal A.2 (vi) anonn go dtí 2020.

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas | 52,647,107 | 39,887,039 |
| Géilleadh iarchurtha | (1,187,000) | (1,000,000) |
| **Barrachas le tabhairt suas** | **51,460,107** | **38,887,039** |

**John McKeon**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

31 Lúnasa 2020

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas ar Chostas Oibriúcháin 2019

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas cláir | | 10,330,021 | 10,392,851 |
| Pá | | 294,952 | 295,329 |
| Neamhphá | | 246,188 | 246,067 |
| **Ollchaiteachas** | | **10,871,161** | **10,934,247** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **223,035** | **207,009** |
| **Glanchaiteachas** | | **10,648,126** | **10,727,238** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannach (airgead tirim) | (10,891) | | |
| Dímheas | 19,021 | | |
| Caillteanas ar diúscairt/díscríobh | 2 | 8,132 | (35,592) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (3,835) | | |
| Laghdú ar stoc | 27 | (3,808) | (4,827) |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **10,652,450** | **10,686,819** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 84,457 | 79,881 |
| Measchíosanna | | 14,386 | 14,019 |
| **Glanchostas cláir** | | **10,751,293** | **10,780,719** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna a leanas i dtaca le Vóta 37 a iompraíodh in áit eile.

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 364 | 492 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 69,985 | 64,741 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 13,421 | 13,959 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 659 | 661 |
| An Lárchiste – Pinsin Airí | | 28 | 28 |
| | | **84,457** | **79,881** |

## Nóta 2 An Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2019

| | Nóta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 136,714 | 152,062 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 2.3 | 269 | 296 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 70,430 | 204,961 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.11 | 64,376 | 65,124 |
| Glanchistiú Státchiste | 2.6 | 3,334 | (7,151) |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | 138,409 | 263,230 |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 38,434 | 170,842 |
| Costais fhabhraithe | 2.12 | 48,247 | 52,830 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.5 | 35,330 | 26,968 |
| **Dliteanais iomlána reatha** | | 122,011 | 250,640 |
| **Glansócmhainní reatha** | | 16,398 | 12,590 |
| **Glansócmhainní** | | **153,112** | **164,652** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **An cuntas um chistiú stáit** | 2.7 | **153,112** | **164,652** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Troscán agus feistis | Trealamh oifige | Sócmhainní á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil an 1 Eanáir 2019 | 31,896 | 353,496 | 19,153 | 404,545 |
| Coigeartú [a] | — | — | (4,033) | (4,033) |
| Breisiúcháin | 326 | 3,487 | 7,078 | 10,891 |
| Diúscairtí | (31) | (4,425) | — | (4,456) |
| Díscríobh [b] | (6,450) | (36,156) | — | (42,606) |
| Aistrithe | — | 3,859 | (3,859) | — |
| Costas nó luacháil an 31 Nollaig 2019 | 25,741 | 320,261 | 18,339 | 364,341 |
| **Dímheas Carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh an 1 Eanáir 2019 | 28,535 | 223,948 | — | 252,483 |
| Coigeartú [c] | — | 3,183 | — | 3,183 |
| Dímheas don bhliain | 801 | 18,220 | — | 19,021 |
| Dímheas ar diúscairt/díscríobh | (6,481) | (40,579) | — | (47,060) |
| Dímheas carnach an 31 Nollaig 2019 | 22,855 | 204,772 | — | 227,627 |
| **Glansócmhainní an 31 Nollaig 2019** | **2,886** | **115,489** | **18,339** | **136,714** |
| Glansócmhainní an 31 Nollaig 2018 | 3,361 | 129,548 | 19,153 | 152,062 |

Nóta [a] Rinneadh coigeartuithe ar luach iomlán €4.033 milliún le sócmhainní caipitil faoi fhorbairt (SCFF) mar chaiteachas neamhchaipitiúil a tabhaíodh i mblianta roimhe seo a rangú go mícheart mar chaiteachas maidir le tionscadail SCFF.

[b] Is éard atá i gceist le díscríobh ná bogearraí, crua-earraí TF, troscán agus trealamh, meaisíní frainceála, gléasanna fótachóipeála, táblaí, cathaoireacha etc. san áireamh. Rinneadh go leor de na sonraí sa chlár sócmhainní a ghlanadh i rith 2019. Shainaithin an Roinn roinnt bogearraí sócmhainní TF sa chlár sin a d'imigh as feidhm, roinnt sócmhainní crua-earraí TF a athsholáthraíodh agus troscán agus feistis ar a raibh luachanna sócmhainne faoi €1,000. Rinneadh na sócmhainní go léir seo a dhímheas go hiomlán agus ní raibh úsáid á baint astu a thuilleadh.

[c] As an luach €3.859 milliún de thionscadail SCFF a aistríodh chuig trealamh oifige i rith na tréimhse, bhain €3.183 milliún le sócmhainní a bhí á n-úsáid cheana féin ag an Roinn agus ar cheart iad a aistriú agus a dhímheas i mblianta roimhe seo.

## 2.2 An Banc agus Airgead Tirim

| an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna An Post a réamhíocadh [a] | 110,841 | 142,290 |
| Iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta (rótharraingt) | (179,044) | (336,056) |
| Banc agus airgead tirim tráchtála | 29,769 | 22,924 |
| | **(38,434)** | **(170,842)** |

Nóta [a] Mar an gníomhaire íocaíochta scéime, réamhchistítear An Post trí Vóta 37 agus an CÁS chun íoc as dliteanais chaiteachais na Roinne faoi mar a bhíonn siad dlite. Ag deireadh 2019, b'ionann an comh-iarmhéid a bhí á choimeád ag An Post maidir le Vóta 37 agus an CÁS agus €185.8 milliún. Ba é €235.2 milliún an comh-iarmhéid comhfhreagrach ag deireadh 2018.

## 2.3 Stoic

| an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Páipéarachas | 246 | 268 |
| Tomhaltáin TF | 23 | 28 |
| | **269** | **296** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Réamhíocaíochtaí le An Post do chaiteachas postais | 1,007 | 1,007 |
| Réamhíocaíochtaí le OOP as troscán oifige, foirgneamh agus obair leictreach | 901 | 475 |
| Réamhíocaíochtaí le Pobal | 5,836 | 6,801 |
| Réamhíocaíochtaí scéime [a] | 28,405 | 154,595 |
| Fionraí fiachais eile | 2,227 | 2,877 |
| *Dlite ón gCÁS maidir le* | | |
| • fáltais a bhaineann leis an Vóta a aisghabhadh tríd an CÁS | 16,719 | 23,285 |
| • íocaíochtaí de réir Vóta thar ceann an CÁS | 14,436 | 15,222 |
| • íocaíochtaí óinchiste infhála ón CÁS | 899 | 699 |
| | **70,430** | **204,961** |

Nóta [a] Rinneadh €28.405 milliún de réamhíocaíochtaí an 31 Nollaig 2019 do scéimeanna Vóta as a ndearnadh €9.7 milliún trí An Post agus €18.705 milliún trí ríomhaistriú leictreonach bainc.

## 2.5 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 6,345 | 3,574 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasta | 4,599 | 2,462 |
| Muirear sóisialta uilíoch [a] | 1,306 | 747 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 3,701 | 1,890 |
| Cáin bhreisluacha | 85 | 95 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 2,103 | 754 |
| Cáin mhaoine áitiúil [b] | 83 | 61 |
| Fáltais bhreise Státchiste | 6 | 8 |
| | 18,228 | 9,591 |
| | | |
| Asbhaintí párolla [a] | 2,197 | 1,359 |
| *Dlite don CÁS maidir le* | | |
| • íocaíochtaí a rinne an CÁS thar ceann an Vóta | 9,335 | 11,549 |
| • íocaíochtaí óinchiste infhála ón CÁS | 984 | 448 |
| Aisghabhálacha neamh-mheaitseáilte ró-íocaíochtaí | 3,169 | 3,209 |
| Aisghabháil fiachais thar ceann tíortha eile AE | 839 | 724 |
| Earraí eile fionraí creidmheasa [c] | 578 | 88 |
| | **35,330** | **26,968** |

Nóta [a] Nochtar iarmhéid an mhuirir shóisialta uilíoch (MSU) ag deireadh na bliana mar earra líne ar leith faoin teideal ‘Suimeanna dlite don Stát’. Cuireadh iarmhéideanna an MSU i mblianta roimhe seo san áireamh i bhfigiúr asbhaintí párolla dheireadh na bliana. Rinneadh na figiúirí comparáideacha a chur i láthair athuair ar an mbonn céanna leis na figiúirí don bhliain reatha.

[b] Faoi Alt 84 den Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil), 2012, féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim an Roinn a ordú chun asbhaintí a dhéanamh ó roinnt íocaíochtaí scéime maidir le daoine atá faoi dhliteanas íoc as cáin mhaoine áitiúil. Déanann an Roinn asbhaintí deonacha, chomh maith, as roinnt tuarastail foirne maidir le cáin mhaoine áitiúil. B’ionann na suimeanna a íocadh leis na Coimisinéirí Ioncaim in 2019 agus €668,000 agus €295,000, faoi seach.

[c] D’oscail an Roinn cuntas fionraí nua i rith na bliana lena éascú €50,000 a fháil ó Chiste Taighde Sheirbhís Mheastóireachta agus Eacnamaíochta Rialtas na hÉireann.

## 2.6 Glanchistiú Státchiste

| an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Barrachas le tabhairt suas | 51,460 | 38,887 |
| Géilleadh iarchurtha | 1,187 | 1,000 |
| Deontas an Státchiste nár tarraingíodh | (55,981) | (32,736) |
| **Glanchistiú Státchiste** | **(3,334)** | **7,151** |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 70,430 | 204,961 |
| | | |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | (38,434) | (170,842) |
| Dlite don Stát | (18,228) | (9,591) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (17,102) | (17,377) |
| | (73,764) | (197,810) |
| | **(3,334)** | **7,151** |

## 2.7 An cuntas um chistiú stáit

| | Nóta | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid an 1 Eanáir | | | 164,652 | 124,233 |
| | | | | |
| Íocaíochtaí amach ón Vóta | | | | |
| Suim a soláthraíodh sa mheastachán | Cuntas | 10,700,773 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (1,187) | | |
| Barrachas le tabhairt suas | Cuntas | (51,460) | | |
| Glanvóta | | | 10,648,126 | 10,727,238 |
| | | | | |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 84,457 | 79,881 |
| Caiteachas neamhairgid – measchíos | 1 | | 14,386 | 14,019 |
| Glansócmhainní a choigeartú | 2.1 | | (4,033) | — |
| Dímheas arna choigeartú | 2.1 | | (3,183) | — |
| Glanchostas cláir | 1 | | (10,751,293) | (10,780,719) |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig** | | | **153,112** | **164,652** |

## 2.8 Ceangaltais

**Ceangaltais dhomhanda**

| An 31 Nollaig | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Earraí agus seirbhísí a sholáthar | 38,909 | 37,124 |
| Tionscadail chaipitil | 18,417 | 19,458 |
| **Iomlán na gceangaltas atá infhorfheidhmithe le dlí** | **57,326** | **56,582** |

## 2.9 Dliteanais Aibithe

| an 31 Nollaig | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nár díscaoileadh ag deireadh na bliana | 90 | 809 |

## 2.10 Dliteanais Theagmhasacha

Tá an Roinn bainteach in 232 cás dlí a d’fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá aon suim iarbhír nó uainiú na ndliteanas féideartha éiginnte.

## 2.11 Réamhíocaíochtaí

| an 31 Nollaig | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Costais riaracháin | 104 | 243 |
| Costais oifige | 903 | 4,169 |
| Réamhíocaíochtaí/cúlchnapanna cláir [a] | 63,098 | 60,712 |
| Sainchomhairleoireacht | 271 | — |
| | **64,376** | **65,124** |

Nóta [a] Cuireann an Roinn réamhchistiú ar fáil do roinnt eagraíochtaí chun scéimeanna a sholáthar. Áirítear leo seo réamhíocaíochtaí nó cúlchnapanna do shreabhadh airgid a íocadh le scéimeanna agus eagraíochtaí eile a sholáthraíonn Fostaíocht Pobail, Tionscnamh Post, Seirbhísí Fostaíochta Áitiúla agus Clubanna Post. Cuirtear réamhíocaíochtaí ar fáil do scéimeanna Fostaíochta Pobail agus Tionscnamh Post sula dtosaítear iad chun íoc as na speansais tosaigh agus déantar iad a fhorchúiteamh, go ginearálta, laistigh de 12 mhí i ndiaidh iad a eisiúint. Cuirtear cúlchnapanna ar fáil do Seirbhísí Fostaíochta Áitiúla agus Clubanna Post chun íoc as speansais leanúnacha agus déantar iad a réiteach ar bhonn leanúnach i ndiaidh go ndéantar gach íocaíocht. Baineann an t-airgead seo le heagraíochtaí seachas le héilitheoirí aonair.

## 2.12 Speansais fhabhraithe

An 31 Nollaig

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Costais riaracháin | 4,442 | 4,071 |
| Costais oifige | 8,945 | 11,462 |
| Costais sainchomhairleoireachta | 78 | 83 |
| Costais chláir [a] | 34,782 | 37,214 |
| | **48,247** | **52,830** |

Nóta [a] Airgead atá le híoc le heagraíochtaí a sholáthraíonn Fostaíocht Pobail, Tionscnamh Poist agus Seirbhísí Fostaíochta Áitiúla thar ceann na Roinne. Baineann an t-airgead seo le heagraíochtaí seachas le héilitheoirí aonair.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

| | | | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Suim a soláthraíodh sa mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 303,890 | | | |
| | | *Forlíontach* | (6,248) | | | |
| | | | | 297,642 | 294,952 | 295,329 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 5,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | (200) | | | |
| | | | | 4,800 | 4,695 | 4,484 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 15,687 | | | |
| | | *Forlíontach* | (2,907) | | | |
| | | | | 12,780 | 11,322 | 9,506 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 16,400 | | | |
| | | *Forlíontach* | (2,000) | | | |
| | | | | 14,400 | 12,707 | 15,595 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 61,590 | | | |
| | | *Forlíontach* | (270) | | | |
| | | | | 61,320 | 54,657 | 47,340 |
| vi | Costais áitreabh na hoifige | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 19,950 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 1,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | (2,925) | | | |
| | | | | 18,025 | 15,267 | 16,198 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 2,100 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,300) | | | |
| | | | | 800 | 476 | 710 |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| viii | Íocaíochtaí as seirbhísí gníomhaireachta | | | | | |
| | *Tosaigh* | 128,500 | | | | |
| | *Forlíontach* | 3,550 | | | | |
| | | | 132,050 | 134,156 | 139,024 |
| ix | Tionscadail a bhaineann le Ríomhrialtas | | | | | |
| | *Tosaigh* | 16,400 | | | | |
| | *Forlíontach* | (2,700) | | | | |
| | | | 13,700 | 12,908 | 13,210 |
| | | | **555,517** | **541,140** | **541,396** |

**Athruithe suntasacha**

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna atá le hathruithe suntasacha ar chaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

**iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €15.687 milliún, toradh: €11.322 milliún*

Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh €4.4 milliún maidir leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán:

- Cuimsíodh suim theagmhasach €2 milliún sa bhunmheastachán nár theastaigh.
- Baineadh coigilteas €2.4 milliún amach ar speansais éagsúla theagmhasacha, oiliúint foirne (€1.1 milliún), tacaíocht taighde (€500,000), seirbhísí comhroinnte (€325,000), seomraí a fhruiliú (€331,000), agus cúiteamh (€142,000) ina measc.

Tugadh suim €2.9 milliún suas mar chuid den mheastachán forlíontach chun costais ní b'ísle a thabhairt san áireamh. Bhí an toradh deiridh €1.46 milliún (11%) ní b'ísle ná an leithdháileadh deiridh. Úsáideadh na coigiltí chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile.

**vii Seirbhísí comhairleoireachta**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €2.1 milliún, toradh: €476,000*

Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh €1.6 milliún i gcoibhneas leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán:

- Cuireadh tús le tionscadal amháin ar a raibh luach €150,000 ní ba dhéanaí ná mar a beartaíodh i dtosach. Cuireadh tús le hobair go déanach in 2019 ach beidh íocaíochtaí le déanamh in 2020.
- Mar gheall ar mhoilleanna riaracháin, tugadh íocaíocht €25,000 do thionscadal amháin anonn isteach go dtí 2020.
- I ndiaidh cloí le dícheall cuí ar thionscadal eile ar a raibh luach buiséadta €100,000, comhaontaíodh nach raibh seirbhísí sainchomhairleoireachta ag teastáil.
- Mar gheall ar éilimh ar limistéir ghnó, rinneadh roinnt tionscadal, ar luach iomlán €1.3 milliún san iomlán a faomhadh in 2019, a athsceidealú go dtabharfar fúthu in 2020.

Tugadh suim €1.3 milliún suas mar chuid den mheastachán forlíontach chun costais ní b'ísle a thabhairt san áireamh. Bhí an toradh deiridh €0.3 milliún (40%) ní b'ísle ná an leithdháileadh deiridh. Úsáideadh na coigiltí chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile.

## Clár A Scéimeanna cúnaimh shóisialaigh, seirbhísí, riarachán agus íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh

| | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim a soláthraíodh sa mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Riarachán** | | | | | |
| A.1 | Riarachán – pá | | | | |
| | *Tosaigh* | 303,890 | | | |
| | *Forlíontach* | (6,248) | | | |
| | | | 297,642 | 294,952 | 295,329 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | | | |
| | *Tosaigh* | 265,627 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,000 | | | |
| | *Forlíontach* | (8,752) | | | |
| | | | 257,875 | 246,188 | 246,067 |
| **Pinsin** | | | | | |
| A.3 | Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach) | | | | |
| | *Tosaigh* | 1,022,075 | | | |
| | *Forlíontach* | 25,825 | | | |
| | | | 1,047,900 | 1,042,838 | 1,020,260 |
| **Aois Oibre – Tacaíochtaí Ioncaim** | | | | | |
| A.4 | Liúntas Cuardaitheora Poist | | | | |
| | *Tosaigh* | 1,606,770 | | | |
| | *Forlíontach* | 27,430 | | | |
| | | | 1,634,200 | 1,628,172 | 1,840,750 |
| A.5 | Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora | | | | |
| | *Tosaigh* | 527,700 | | | |
| | *Forlíontach* | 6,600 | | | |
| | | | 534,300 | 533,122 | 511,088 |
| A.6 | Pinsean Baintrí/Baintreach Fir/Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamh-Ranníocach) | | | | |
| | *Tosaigh* | 13,670 | | | |
| | *Forlíontach* | 330 | | | |
| | | | 14,000 | 13,938 | 14,263 |
| A.7 | Liúntas Banchéile Thréigthe | | 955 | 959 | 1,192 |

| | | | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Suim a soláthraíodh sa mheastachán** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.8 | Íocaíochtaí Liúntas Bunúsach Leasa Forlíontach | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 106,540 | | | |
| | | *Forlíontach* | 13,260 | | | |
| | | | | 119,800 | 120,175 | 111,818 |
| A.9 | Cúnamh Feirme | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 72,050 | | | |
| | | *Forlíontach* | (3,300) | | | |
| | | | | 68,750 | 68,569 | 73,819 |
| A.10 | Íocaíochtaí ar Riachtanais Eisceachtúla agus Phráinneacha | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 38,775 | | | |
| | | *Forlíontach* | 4,725 | | | |
| | | | | 43,500 | 43,206 | 42,305 |
| A.11 | Aois Oibre Eile – Tacaíochtaí Ioncaim | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 18,135 | | | |
| | | *Forlíontach* | 865 | | | |
| | | | | 19,000 | 18,086 | 15,242 |
| **Aois Oibre – Tacaíochtaí Fostaíochta** | | | | | | |
| A.12 | Clár Fostaíochta Pobail | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 345,115 | | | |
| | | *Forlíontach* | 4,085 | | | |
| | | | | 349,200 | 353,366 | 353,068 |
| A.13 | Scéim Shóisialta Tuaithe | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 53,115 | | | |
| | | *Forlíontach* | 385 | | | |
| | | | | 53,500 | 52,817 | 50,033 |
| A.14 | Tús | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 95,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | 4,600 | | | |
| | | | | 99,600 | 99,048 | 105,983 |
| A.15 | Tionscnamh Post | | | 17,490 | 16,417 | 17,750 |
| A.16 | Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 70,360 | | | |
| | | *Forlíontach* | (10,200) | | | |
| | | | | 60,160 | 59,695 | 90,466 |
| A.17 | An Scéim Tacaíochta d’Fhostaíocht Óige | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 5,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | (4,200) | | | |
| | | | | 800 | 2,014 | 33 |

| | | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Suim a soláthraíodh sa mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.18 | Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 61,670 | | | |
| | | *Forlíontach* | 4,430 | | | |
| | | | | 66,100 | 65,327 | 78,687 |
| A.19 | Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 21,270 | | | |
| | | *Forlíontach* | (2,600) | | | |
| | | | | 18,670 | 18,357 | 21,044 |
| A.20 | JobsPlus | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 20,200 | | | |
| | | *Forlíontach* | (5,100) | | | |
| | | | | 15,100 | 14,390 | 22,754 |
| A.21 | Seirbhís Fostaíochta Áitiúla | | | 19,300 | 18,318 | 18,492 |
| A.22 | Clubanna Post | | | 5,400 | 4,841 | 5,259 |
| A.23 | Aois Oibre Eile – Tacaíochtaí Fostaíochta | | | 9,620 | 7,785 | 10,294 |
| **Breoiteacht, Míchumas agus Cúramóirí** | | | | | | |
| A.24 | Liúntas Míchumais | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 1,649,990 | | | |
| | | *Forlíontach* | 60,510 | | | |
| | | | | 1,710,500 | 1,705,778 | 1,586,258 |
| A.25 | Pinsean na nDall | | | 13,625 | 12,971 | 13,308 |
| A.26 | Liúntas Cúramóra | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 837,360 | | | |
| | | *Forlíontach* | 29,340 | | | |
| | | | | 866,700 | 862,447 | 795,363 |
| A.27 | Liúntas Cúram Baile | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 182,235 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,365 | | | |
| | | | | 183,600 | 182,485 | 168,417 |
| A.28 | Deontas Tacaíochta Cúramóra | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 217,930 | | | |
| | | *Forlíontach* | 2,470 | | | |
| | | | | 220,400 | 219,535 | 203,958 |
| A.29 | Tacaíochtaí Gníomhachtaithe Míchumais | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 15,360 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,100) | | | |
| | | | | 14,260 | 14,142 | 13,913 |

| | | | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim a soláthraíodh sa mheastachán | | Toradh | | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | | €000 |
| A.30 | An Scéim Fóirdheontas Pá | | | | | |
| | *Tosaigh* | 24,720 | | | | |
| | *Forlíontach* | 680 | | | | |
| | | | 25,400 | 23,810 | | 22,321 |
| **Leanaí** | | | | | | |
| A.31 | Sochar Linbh | | | | | |
| | *Tosaigh* | 2,097,460 | | | | |
| | *Forlíontach* | 4,540 | | | | |
| | | | 2,102,000 | 2,102,435 | | 2,096,671 |
| A.32 | Íocaíocht Teaghlaigh Oibre | | | | | |
| | *Tosaigh* | 416,440 | | | | |
| | *Forlíontach* | (19,300) | | | | |
| | | | 397,140 | 397,204 | | 410,546 |
| A.33 | Liúntas Éadaí agus Coisbhirt chun Filleadh ar Scoil | | | | | |
| | *Tosaigh* | 56,270 | | | | |
| | *Forlíontach* | (2,600) | | | | |
| | | | 53,670 | 53,451 | | 47,402 |
| A.34 | Scéim Béilí Scoile | | | | | |
| | *Tosaigh* | 57,600 | | | | |
| | *Forlíontach* | (4,000) | | | | |
| | | | 53,600 | 54,312 | | 49,165 |
| A.35 | Íocaíochtaí eile a bhaineann le Leanaí | | 7,790 | 7,634 | | 7,503 |
| **Íocaíochtaí Forlíontacha, Gníomhaireachtaí agus Seirbhísí Ilghnéitheacha** | | | | | | |
| A.36 | Forlíonadh Cíosa | | | | | |
| | *Tosaigh* | 132,395 | | | | |
| | *Forlíontach* | (6,900) | | | | |
| | | | 125,495 | 125,248 | | 175,032 |
| A.37 | Liúntas Tacaíochta Gutháin | | | | | |
| | *Tosaigh* | 7,540 | | | | |
| | *Forlíontach* | 660 | | | | |
| | | | 8,200 | 8,143 | | 4,559 |
| A.38 | Pacáiste Sochair Teaghlaigh | | | | | |
| | *Tosaigh* | 89,873 | | | | |
| | *Forlíontach* | (20,200) | | | | |
| | | | 69,673 | 69,290 | | 86,944 |
| A.39 | Saorthaisteal | | 95,000 | 93,919 | | 86,813 |

| | | | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Suim a soláthraíodh sa mheastachán** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.40 | Liúntas Breosla | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 150,292 | | | |
| | | *Forlíontach* | (3,000) | | | |
| | | | | 147,292 | 147,363 | 152,669 |
| A.41 | Deontas don Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 59,260 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,100) | | | |
| | | | | 58,160 | 56,462 | 54,775 |
| A.42 | Ilghnéitheach Seirbhísí | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 14,916 | | | |
| | | *Forlíontach* | (2,300) | | | |
| | | | | 12,616 | 11,589 | 12,231 |
| A.43 | An Coimisiún um Pá Íseal | | | 490 | 363 | 403 |
| **Fóirdheontas leis an gCiste Árachais Shóisialaigh** | | | | | | |
| A.44 | Íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh faoi Alt 9(9)(a) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 | | | — | — | — |
| | | | | **10,918,473** | **10,871,161** | **10,934,247** |

### Athruithe suntasacha

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna atá le hathruithe suntasacha ar chaiteachas cláir (+/-5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €43.888 milliún ní b’airde ná mar a soláthraíodh i dtosach báire. Bhí na hearraí seo a leanas ann seo:

- Bhain tearc-chaitheamh €29.377 milliún de seo le caiteachas riaracháin. Míníodh cheana féin na hathraithis shuntasacha ar fhotheidil aonair (+/-25% agus €100,000).
- Baineann róchaitheamh €73.265 milliún le fotheidil scéime agus seirbhíse. Déantar cur síos ar an bpríomhathraitheas thíos.

Déanann an Rialtas an cinneadh faoi cé acu bónas na Nollag a íoc nó gan é a íoc, agus ar cén ráta, le faighteoirí fadtéarmacha leasa shóisialaigh thart ar mhí Dheireadh Fómhair gach bliain, i gcomhthéacs bhuiséad na bliana dar gcionn. In 2019, bhain thart ar €279.4 milliún d’íocaíochtaí scéime iomlána le bónas na Nollag, a imríonn tionchar ar chaiteachas scéime agus, dá réir sin, ar mheánluachanna íocaíochta, agus ar an gcaoi sin, ní chuirtear é san áireamh sa mheastachán tosaigh.

**A.8 Íocaíocht Liúntas Bunúsach Leasa Forlíontach**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €106.54 milliún, toradh: €120.175 milliún*

Bhí an caiteachas €13.7 milliún ní b'airde i gcoibhneas leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán mar gheall ar an méid seo a leanas:

- Bhí an meánlíon faighteoirí (16,140) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sna meastachán tosaigh (15,400). Baineann an méadú ar líon na n-éileamh ar Liúntas Bunúsach Leasa Forlíontach (LLF Bunúsach) go príomha le líon ní b'airde d'éilimh Bhreoiteachta, Mhíchumais agus Chúraim a raibh LLF Bunúsach á íoc leo fad a bhíothas ag feitheamh le cinneadh faoina n-éileamh. Chosain seo €7.6 milliún sa bhreis.
- Bhí na meánluachanna íocaíochta seachtainiúla (€205.44) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€197.68). Chosain seo €6.6 milliún sa bhreis, ar bhain €0.9 milliún de le cinneadh chun 100% de bhónas na Nollag a íoc.
- Caiteachas a aisíoc ó phríomhscéimeanna (e.g. Liúntas Míchumais, Liúntas Cuardaitheora Poist) ina raibh Liúntas Leasa Forlíontach á éileamh ag an bhfaighteoir ar feitheamh a n-éileamh a réiteach. B'ionann an toradh agus €52.5 milliún, i gcomparáid le €52 milliún sa mheastachán tosaigh. D'eascair coigilt €0.5 milliún as seo.

Lorgaíodh meastachán forlíontach €13.2 milliún chun treochtaí a bhí ag teacht chun cinn a thabhairt san áireamh. Bhí an toradh deiridh €0.4 milliún ní b'airde ná an leithdháileadh deiridh.

**A.10 Íocaíochtaí ar Riachtanais Eisceachtúla agus Phráinneacha**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €38.775 milliún, toradh: €43.206 milliún*

Bhí an caiteachas €4.4 milliún ní b'airde i gcoibhneas leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán mar gheall go príomha ar an méid seo a leanas:

- Costas níos airde ar mheáníocaíocht d'éilimh, €109.39 níos airde ná mar a measadh agus chosain seo €10.8 milliún. B'éard ba chúis leis seo ná costais níos airde maidir leis an gcatagóir Thithíochta a íocadh faoin bhfotheideal i.e. costas níos airde ar éarlaisí agus ar chóiríocht a fheistiú.
- Rinne líon níos ísle d'éilimh ná mar a tuaradh é seo a sheach-chur. Fuarthas 12,580 ní ba lú éileamh, agus rinne seo €6.4 milliún a choigilt.
- Chuirfí san áireamh sa choigilt seo an stop a cuireadh in Eanáir 2019 le híocaíochtaí leasa forlíontacha a íocadh le daoine gan dídean le haghaidh cóiríochta i mBrú/cóiríocht Leaba is Bricfeasta. Tá údaráis áitiúla freagrach as cóiríocht éigeandála a sholáthar do dhaoine gan dídean agus tá stop curtha leis an socrú inar úsáideadh íocaíochtaí leasa forlíontacha chun seo a chistiú.

Nuair a chuirtear cineál na scéime seo san áireamh, is deacair líon na bhfaighteoirí a thuar go cruinn ó bhliain go bliain, amanna.

**A.15 Tionscnamh Post**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €17.49 milliún, toradh: €16.417 milliún*

Bhí an caiteachas €1.1 milliún ní b'ísle i gcoibhneas leis an meastachán mar gheall ar an méid seo a leanas:

- Bhí na meánluachanna íocaíochta do rannpháirtithe (€429.20) ní b'ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€448.20). D'eascair coigilt €0.7 milliún as seo.
- Bhí an meánlíon rannpháirtithe agus maoirseoirí beagán ní b'ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh. Rinne seo €0.3 milliún a choigilt.
- Bhí costais neamh-phárolla eile €0.2 milliún ní ba lú ná mar a ndearnadh soláthar dó i meastachán tosaigh 2019.
- Rinne na meánluachanna íocaíochta do mhaoirseoirí (€814.81), a bhí ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€740.46), é seo a sheach-chur. Chosain seo €0.1 milliún sa bhreis.

**A.16 Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €70.36 milliún, toradh: €59.695 milliún*

Bhí an caiteachas €10.7 milliún ní b'ísle i gcoibhneas leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán mar gheall ar an méid seo a leanas:

- Bhí an meánlíon faighteoirí (5,620) ní b'ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (6,520), mar gheall ar mhargadh saothair feabhsaithe, ónar eascair éileamh ní b'ísle ar an scéim. Rinne seo €9.8 milliún a choigilt.
- Bhí na meánluachanna íocaíochta (€204.31) ní b'ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€207.31) mar gheall ar laghdú ar an líon faighteoirí. Rinne seo €0.8 milliún a choigilt (bheadh an bunchoigilt ní b'airde seachas gur íocadh bónas na Nollag, a chosain €0.9 milliún, in 2019).
- Bhí na coigeartuithe idirscéime ní ba lú ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh agus d'eascair coigilt €0.1 milliún as seo.

Tugadh suim €10.2 milliún suas mar chuid den mheastachán forlíontach.

**A.17 An Scéim Tacaíochta d'Fhostaíocht Óige**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €5 milliún, toradh: €2.014 milliún*

Bhí an caiteachas €3 milliún ní b'ísle i gcoibhneas leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán mar gheall go raibh glacadh ní b'ísle leis an scéim ná mar a measadh i dtosach báire mar gheall ar roinnt tosca, na dálaí feabhsaithe sa mhargadh saothair ina measc.

Tugadh suim €4.2 milliún suas mar chuid den mheastachán forlíontach chun seo a thabhairt san áireamh. Úsáideadh na coigiltí chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile. I ndiaidh athbhreithniú a rinneadh in 2019, gearradh €1.3 milliún ar an bhfotheideal seo i ndiaidh gur gearradh roimhe seo é ar fhotheidil eile.

**A.18 Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €61.67 milliún, toradh: €65.327 milliún*

Ní fhéadfaí tuar cruinn a dhéanamh ar an ráta éilimh ar Liúntas um Fhilleadh ar an Oideachas do bhliain acadúil 2018/2019 (a thosaigh i Meán Fómhair 2018) agus do bhliain acadúil 2019/2020 (a thosaigh i Meán Fómhair 2019) nuair a tugadh meastacháin 2019 chun críche go luath i nDeireadh Fómhair 2018. Bhí an meath ar líon na bhfaighteoirí a thit amach in 2019 ní ba lú ná mar a ndearnadh soláthar dó i meastacháin *REV* 2019, agus bhí caiteachas €3.6 milliún ní b'airde ná an meastachán mar thoradh air seo. Bhí an méid seo a leanas i gceist leis:

- Bhí an meánlíon faighteoirí (7,523) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (7,402). Chosain seo €1 milliún sa bhreis.
- Bhí na meánluachanna íocaíochta (€227.96) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€221.78). Chosain seo €1.5 milliún sa bhreise (ba é €1.8 milliún an costas a bhí ar bhónas na Nollag a íoc, agus bheadh bunchoigilt ann, dá bharr, sular cuireadh an bónas i gcuntas).
- Bhí caiteachas sa samhradh ní b'airde (€5.2 milliún) ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€4.1 milliún). Chosain seo €1.1 milliún sa bhreis.

Soláthraíodh meastachán forlíontach €4.4 milliún chun treochtaí a bhí ag teacht chun cinn a chistiú. Bhí an toradh deiridh €775,000 (1.2%) ní b'ísle ná an meastachán deiridh. Úsáideadh na coigiltí chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile.

**A.19 Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €21.27 milliún, toradh: €18.357 milliún*

Bhí an caiteachas €2.9 milliún ní b'ísle i gcoibhneas leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán mar gheall ar an méid seo a leanas:

- Bhí an meánlíon faighteoirí (6,420) ní b'ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (7,131). D'eascair coigilt €2 milliún as seo.
- Bhí na meánluachanna íocaíochta (€54.95) ní b'ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€57.33). D'eascair coigilt €0.9 milliún as seo. Tá seo glan ar chostas €0.3 milliún bhónas na Nollag.

Tugadh suim €2.6 milliún suas mar chuid den mheastachán forlíontach. Bhí an toradh €0.3 milliún (1.7%) ní ba lú ná an leithdháileadh deiridh. Úsáideadh na coigiltí chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile.

**A.20 JobsPlus**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €20.2 milliún, toradh: €14.39 milliún*

Mar gheall ar fheabhsú sa mhargadh saothair, meath san áireamh ar an líon daoine a bhí dífhostaithe go fadtéarmach, tháinig laghdú ar rannpháirtithe anuas ó 4,295 duine i Nollaig 2018 go dtí 2,696 i Nollaig 2019. D'eascair tearc-chaitheamh €5.8 milliún as seo.

- Bhí an meánlíon faighteoirí (2,696) ní b'ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (3,660). D'eascair coigilt €5.3 milliún as seo.
- Bhí na meánluachanna íocaíochta (€444.86) ní b'ísle i gcomparáid leis an meastachán tosaigh (€460.00). D'eascair coigilt €0.5 milliún as seo.

Tugadh suim €5.1 milliún suas mar chuid den Mheastachán Forlíontach chun treochtaí a bhí ag teacht chun cinn a thabhairt san áireamh. Bhí an toradh deiridh €0.7 milliún (4.7%) ní b'ísle ná an leithdháileadh deiridh. Úsáideadh na coigiltí chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile.

**A.21 Seirbhís Fostaíochta Áitiúla**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €19.3 milliún, toradh: €18.318 milliún*

Bhí an tearc-chaitheamh €1 milliún mar gheall ar dhálaí feabhsaithe sa mhargadh saothair agus bhí an méid seo a leanas mar chúis leis:

- Ní thugtar aisíocaíocht do na Seirbhísí Fostaíochta Áitiúla (SFÁanna) ach do chaiteachas a rinneadh i rith na bliana airgeadais.
- Bhí Deontais d'Idirghabháil Eadrána (€0.9 milliún) ní b'ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€1.5 milliún). D'eascair coigilt €0.6 milliún as seo.
- Bhí costais oibriúcháin (€3.2 milliún) ní b'ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€3.5 milliún). D'eascair coigilt €0.3 milliún as seo.
- Bhí costais foirne ar conradh ní b'ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán agus rinne seo €0.1 milliún a choigilt.

**A.22 Clubanna Post**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €5.4 milliún, toradh: €4.841 milliún*

Bhí an caiteachas €0.6 milliún ní b'ísle i gcoibhneas leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán mar gheall ar dhálaí feabhsaithe sa mhargadh saothair agus mar gheall ar chostais tuarastail ar conradh agus costais oibríochtúla ní b'ísle.

- Bhí costais taistil agus chothabhála (€0.2 milliún) ní b'ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€0.5 milliún). D'eascair coigilt €0.3 milliún as seo.
- Bhí costais tuarastail (€3.6 milliún) ní b'ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€3.8 milliún). D'eascair coigilt €0.2 milliún as seo.
- Bhí costais oibriúcháin (€1 milliún) ní b'ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€1.1 milliún). D'eascair coigilt €0.1 milliún as seo.

**A.23 Aois Oibre Eile – Tacaíochtaí Fostaíochta**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €9.62 milliún, toradh: €7.785 milliún*

Bhí an caiteachas €1.8 milliún ní b'ísle i gcoibhneas leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán mar gheall go príomha ar an méid seo a leanas:

- Tháinig tearc-chaitheamh aníos ar an Deontas Tacaíochta Fiontraíochta (€0.5 milliún), Tacaíochtaí Gníomhachtaithe agus Teaghlaigh (€0.4 milliún), an Tionscnamh Post Páirtaimseartha (€0.4 milliún), an Deontas Tacaíochta Teicniúla (€0.3 milliún), an Tascfhórsa Drugaí (€0.1 milliún) agus Tionscnaimh Eorpacha (€0.1 milliún).

Tá na scéimeanna thuas go léir faoi stiúir éilimh agus, mar gheall ar mhargadh saothair feabhsaithe in 2019, ní raibh an glacadh leis na scéimeanna chomh hard sin agus a soláthraíodh sa mheastachán tosaigh.

**A.29 Tacaíochtaí Gníomhachtaithe Míchumais**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €15.36 milliún, toradh: €14.142 milliún*

Bhí an caiteachas €1.3 milliún ní b'ísle i gcoibhneas leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán mar gheall go príomha ar an méid seo a leanas:

- Tearc-chaitheamh €0.9 milliún ar Chlár na Seirbhíse Fostaíochta. Cuirtear conarthaí infhostaitheachta ar fáil do sheirbhís a sholáthraíonn conraitheoirí/cuideachtaí aonair thar ceann na Roinne. Nuair nach dtabhaíonn conraitheoir costais ina dhiaidh sin, ní féidir íocaíochtaí a lorg ón Roinn agus, dá bharr, eascróidh tearc-chaitheamh as.
- Tearc-chaitheamh €0.4 milliún ar chlár Cumas/Ability. Cuirtear clár Cumas/Ability ar siúl ó Iúil go hIúil gach bliain, agus ní hionann seo agus an tréimhse atá i gceist le bliain na meastachán. Anuas air sin, earcaíodh rannpháirtithe cláir ní ba mhoille ná mar a bhí beartaithe.

Tugadh suim €0.3 milliún suas ó Scéim Cumas/Ability mar chuid den Mheastachán forlíontach. Bhí an toradh €0.1 milliún (2.1%) ní b'ísle ná an leithdháileadh deiridh. Úsáideadh na coigiltí chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile.

**A.33 Liúntas Éadaí agus Coisbhirt chun Filleadh ar Scoil**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €56.27 milliún, toradh: €53.451 milliún*

Bhí an caiteachas €2.8 milliún ní b'ísle i gcoibhneas leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán mar gheall ar an méid seo a leanas:

- Bhí an meánluach íocaíochta (€370.47) ní b'ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€395.71). D'eascair coigilt €3.6 milliún as seo.

Seach-churtha ag:

- Bhí an meánlíon faighteoirí (144,282) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (142,200). Chosain seo €0.8 milliún sa bhreis.

Tugadh suim €2.6 milliún suas mar chuid den mheastachán forlíontach. Bhí an toradh €0.2 milliún (0.4%) ní ba lú ná an leithdháileadh deiridh. Úsáideadh na coigiltí chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile.

**A.34 Scéim Béilí Scoile**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €57.6 milliún, toradh: €54.312 milliún*

Bhí an caiteachas €3.3 milliún ní b'ísle i gcoibhneas leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán mar gheall ar an méid seo a leanas:

- Imríonn uainiú éileamh a fhaightear ó scoileanna, ar deacair é a thuar, agus scoileanna a thugann barrachas anonn ón mbliain roimhe sin, tionchar ar chaiteachas faoin scéim. Déanann an Roinn íocaíochtaí a laghdú faoi mhéid an bharrachais. Glactar leis sa mheastachán go bhfuil an méid iomlán á fháil ag scoileanna. Ba é méid an bharrachais neamhúsáidte €3 milliún.

Tugadh suim €4 milliún suas mar chuid den mheastachán forlíontach. Bhí an toradh €0.7 milliún (1.3%) ní b'airde ná an leithdháileadh deiridh. Cistíodh é seo trí vírmint ó fhotheidil ina ndearnadh tearc-chaitheamh in áiteanna eile sa Vóta.

**A.36 Forlíonadh Cíosa**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €132.395 milliún, toradh: €125.248 milliún*

Bhí an caiteachas €7.1 milliún ní b'ísle i gcoibhneas leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán mar gheall go príomha ar an méid seo a leanas:

- Bhí an meánlíon faighteoirí (23,770) ní b'ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (24,500) mar gheall ar aistrithe chuig an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (an ÍCT) a riar údaráis áitiúla. Rinne seo €8 milliún a choigilt.
- Bhí na meánluachanna íocaíochta seachtainiúla (€104.36) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€103.61). Chosain seo €0.9 milliún.

Tugadh suim €6.9 milliún suas mar chuid den mheastachán forlíontach. Bhí an toradh €145,000 milliún (0.1%) ní b'ísle ná an leithdháileadh deiridh. Úsáideadh na coigiltí chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile.

**A.37 Liúntas Tacaíochta Gutháin**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €7.54 milliún, toradh: €8.143 milliún*

Scéim nua í seo a tugadh isteach ó Mheitheamh 2018 agus ní raibh ach sonraí teoranta ar fáil faoi threocht, dá bharr, nuair a tugadh meastachán 2019 chun críche i nDeireadh Fómhair 2018.

Bhí an caiteachas €0.6 milliún ní b'airde i gcoibhneas leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán mar gheall ar an méid seo a leanas:

- Bhí an meánlíon faighteoirí (60,983) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (58,000). Chosain seo €0.4 milliún sa bhreis.
- Bhí na meánluachanna íocaíochta seachtainiúla (€2.57) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€2.50). Chosain seo €0.2 milliún.

Soláthraíodh meastachán forlíontach €0.7 milliún chun treochtaí a bhí ag teacht chun cinn a thabhairt san áireamh. Bhí an toradh deiridh €0.1 milliún (0.7%) ní b'ísle ná an leithdháileadh deiridh.

**A.38 Pacáiste Sochair Teaghlaigh**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €89.873 milliún, toradh: €69.29 milliún*

Bhí an caiteachas €20.6 milliún ní b’ísle i gcoibhneas leis an meastachán tosaigh ar bhain €12.3 milliún de le Liúntas Leictreachais, ar bhain €0.7 milliún de le Liúntais Gáis agus ar bhain €7.6 milliún de le Saorcheadúnas Teilifíse.

B’éard ba phríomhchúis leis seo ná leithdháileadh leasaithe ar chaiteachas idir Vóta 37 agus an Ciste Árachais Shóisialaigh chun daoine a chur san áireamh a raibh creidmheasanna bille, seachas íocaíochtaí airgid thirim, á gcur ar fáil dóibh.

*Liúntas Leictreachais*

Rinneadh soláthar i Meastacháin Leasaithe 2019 do Liúntas Leictreachais do dheighilt chaiteachais do *Electric Ireland* 36.9% don Vóta agus 63.1% don CÁS. Ba é toradh 2019, bunaithe ar an deighilt leasaithe, 23.6% don Vóta agus 76.4% don CÁS. Rinne seo €12.3 milliún a choigilt maidir leis an Vóta agus bhí caiteachas comhfhreagrach ní b’airde ann sa Chiste Árachais Shóisialaigh.

Tugadh suim €12 milliún suas mar chuid de na meastacháin fhorlíontacha chun an deighilt leasaithe chéatadáin agus treochtaí atá ag teacht chun cinn a thabhairt san áireamh. D’eascair leithdháileadh leasaithe €49.6 milliún agus tearc-chaitheamh €0.3 milliún (0.6%) as seo i gcomparáid leis an meastachán forlíontach. Úsáideadh na coigiltí chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile.

*Liúntas Gáis*

Rinneadh soláthar i Meastacháin Leasaithe 2019 do Liúntas Gáis do dheighilt chaiteachais do Bord Gáis 25.9% don Vóta agus 74.1% don CÁS. Ba é toradh 2019, bunaithe ar an deighilt leasaithe, 14.9% don Vóta agus 85.1% don CÁS. Rinne seo €0.7 milliún a choigilt maidir leis an Vóta agus bhí caiteachas comhfhreagrach ní b’airde ann sa CÁS.

Tugadh suim €0.7 milliún suas mar chuid de na meastacháin fhorlíontacha chun an deighilt leasaithe chéatadáin agus treochtaí atá ag teacht chun cinn a thabhairt san áireamh. D’eascair leithdháileadh leasaithe €4.8 milliún as seo. Bhí an toradh de réir na sprice agus ar aon dul leis an leithdháileadh leasaithe.

*Saorcheadúnas Teilifíse*

Tá 25% den deighilt leasaithe do cheadúnais Teilifíse cistithe ó Vóta 37 agus tá 75% de cistithe ón gCiste Árachais Shóisialaigh, a thugann deighilt chomhiomlán an Liúntais Leictreachais agus an Liúntais Gháis, i dteannta a chéile, san áireamh. D’eascair coigilt €7.6 milliún as seo, i gcomparáid leis an meastachán tosaigh i ngné Vóta 37 na scéime.

Tugadh suim €7.5 milliún suas mar chuid de na meastacháin fhorlíontacha chun an deighilt leasaithe chéatadáin agus treochtaí atá ag teacht chun cinn a thabhairt san áireamh. D’eascair leithdháileadh leasaithe €15.1 milliún agus tearc-chaitheamh as seo i gcomparáid leis an leithdháileadh leasaithe €0.2 milliún nó 1.5%. Úsáideadh na coigiltí chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile.

**A.42 Seirbhísí Ilghnéitheacha**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €14.916 milliún, toradh: €11.589 milliún*

Bhí an caiteachas €3.3 milliún ní b'ísle i gcoibhneas leis an meastachán mar gheall ar an méid seo a leanas:

- Bhí caiteachas an Chiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (atá cistithe ag clár CCEDD) €2.7 milliún ní ba lú ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh. Fad a leanadh leis an gclár a thabhairt isteach, bhí an caiteachas beagán ní b'ísle ná mar a raibh coinne leis. Lean an caiteachas ar ghné bhia/bunábhair an chláir ar aghaidh faoi mar a beartaíodh. Mar gheall nach féidir le tionscadail cláir reatha a dhúbailt, áfach, níor roghnaíodh aon tionscadail bhreise agus b'ísle an caiteachas ná an méid a ndearnadh soláthar dó sa bhuiséad don bhliain 2019. Tá an tseirbhís faoi stiúir éilimh agus leanann feasacht ar an scéim ag dul i méid. Tá 154 carthanas ann faoi láthair a úsáideann táirgí CCEDD. Braitheann dáileadh an táirge CCEDD ag aon tráth ar leith go mór ar acmhainn charthanais áitiúil chun an bia a bhailiú agus a dháileadh agus fáil a bheith ar oibrithe deonacha. Is deacair tuar cruinn a dhéanamh ar chaiteachas ar an scéim nuair a chuirtear cineál na scéime san áireamh.
- Bhí caiteachas Scéim Choimisiún Magdalen €0.6 milliún ní ba lú ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh. Ba iad na príomhchúiseanna a bhí leis seo ná go raibh na meánluachanna íocaíochta d'fhaighteoirí a íoctar gach seachtain (€156.41) €34.34 ní b'ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó sna meastacháin tosaigh (€190.75).

Tugadh suim €2.3 milliún suas mar chuid de na meastacháin fhorlíontacha. Bhí an toradh €1 milliún ní b'ísle ná an leithdháileadh deiridh. Úsáideadh na coigiltí chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile.

**A.43 An Coimisiún um Pá Íseal**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €490,000, toradh: €363,000*

Bhí an caiteachas €0.1 milliún ní b'ísle i gcoibhneas leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán mar gheall ar an méid seo a leanas:

- Tearc-chaitheamh €0.07 milliún ar chaiteachas neamhphá (taighde ITES , taisteal agus cothabháil, costais chomhairliúcháin ina measc) mar gheall ar iarrachtaí chun costais a choimeád a ísle agus is féidir.
- Bhí caiteachas ar phá €0.05 milliún ní b'ísle ná an meastachán tosaigh mar gheall go ndearnadh roinnt foirne a ath-leithdháileadh chuig rannóga eile agus nach ndearnadh iad a ionadú.

Úsáideadh na coigiltí chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Measta | | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Aistriú ón gCiste Árachais Shóisialaigh chuig Vóta 37** | | | | | |
| 1 | Speansais riaracháin a aisghabháil ón gCiste Árachais Shóisialaigh | | 131,930 | 131,930 | 113,940 |
| **Leithreasaí i gcabhair: Eile** | | | | | |
| 2 | Aisghabhálacha cúnaimh shóisialta a ró-íocadh | | | | |
| | *Tosaigh* | 58,900 | | | |
| | *Forlíontach* | (100) | | | |
| | | | 58,800 | 59,423 | 59,161 |
| 3 | Aisíocaíocht suimeanna ón gCiste Árachais Shóisialaigh a íocadh i dtosach mar chúnamh sóisialta | | | | |
| | *Tosaigh* | 3,700 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,700 | | | |
| | | | 5,400 | 5,545 | 3,497 |
| 4 | Fáltais faoi na forálacha ‘dliteanas chun teaghlach a chothabháil’ i gCuid XII den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 | | | | |
| | *Tosaigh* | 240 | | | |
| | *Forlíontach* | 80 | | | |
| | | | 320 | 334 | 268 |
| 5 | Fáltais ó Oifig an Ard-Chláraitheora | | | | |
| | *Tosaigh* | 300 | | | |
| | *Forlíontach* | 10 | | | |
| | | | 310 | 344 | 369 |
| 6 | Fáltais ó na ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí [a] | | | | |
| | *Tosaigh* | 10,000 | | | |
| | *Forlíontach* | (2,570) | | | |
| | | | 7,430 | 7,477 | 9,388 |
| 7 | Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa | | | | |
| | *Tosaigh* | 5,050 | | | |
| | *Forlíontach* | (5,050) | | | |
| | | | — | 721 | 553 |

| | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Measta | | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 8 | Fáltais ón gCiste Náisiúnta Oiliúna (Fostaíocht Pobail) | | | | |
| | *Tosaigh* | 6,500 | | | |
| | *Forlíontach* | (400) | | | |
| | | | 6,100 | 6,369 | 6,423 |
| 9 | Fáltais ón Údarás Pinsean – aoisliúntas foirne | | | | |
| | *Tosaigh* | 680 | | | |
| | *Forlíontach* | (80) | | | |
| | | | 600 | 649 | 632 |
| 10 | Costais oibriúcháin an Aonaid Daoine gan Dídean – ranníocaíochtaí ó ghníomhaireachtaí seachtracha | | | | |
| | *Tosaigh* | 300 | | | |
| | *Forlíontach* | 2,200 | | | |
| | | | 2,500 | 2,717 | 1,569 |
| 11 | Fáltais ó chuntais dhíomhaoine | | | | |
| | *Tosaigh* | — | | | |
| | *Forlíontach* | 550 | | | |
| | | | 550 | 610 | 1,926 |
| 12 | Aisghabháil cúnaimh shóisialta ó éilimh árachais | | | | |
| | *Tosaigh* | 2,600 | | | |
| | *Forlíontach* | 100 | | | |
| | | | 2,700 | 2,633 | 2,609 |
| 13 | Fáltais ón gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí | | | | |
| | *Tosaigh* | 5,000 | | | |
| | *Forlíontach* | (4,740) | | | |
| | | | 260 | 3,507 | 4,640 |
| 14 | Ilghnéitheach | | | | |
| | *Tosaigh* | 1,300 | | | |
| | *Forlíontach* | (500) | | | |
| | | | 800 | 776 | 1,849 |
| — | Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa um ghníomhachtú agus rannpháirtíocht daoine atá faoi mhíchumas | | — | — | 185 |
| | **Iomlán** | | **217,700** | **223,035** | **207,009** |

Nóta [a] Tagraíonn figiúr 2018 d’asbhaintí a bhaineann le pinsean. Tháinig ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ina n-ionad seo ón 1 Eanáir 2019.

**Athruithe suntasacha**

Ar an iomlán, bhí leithreasaí i gcabhair €3.465 milliún ní b’ísle ná mar a measadh i dtosach. Tugtar míniú ar na difríochtaí thíos:

**3 Aisíocaíocht suimeanna ón gCiste Árachais Shóisialaigh a íocadh i dtosach mar Chúnamh Sóisialta**

*Meastachán: €3.7 milliún, réadaithe: €5.545 milliún*

Úsáidtear an fotheideal seo chun cúnamh sóisialta a aisghabhadh ón gCiste Árachais Shóisialaigh (an CÁS) a chur i dtaifead sa chás go ndéantar difear don choigeartú idirscéime i ndiaidh dheireadh na bliana airgeadais. Féadfaidh fáltais a bheith an-éagsúil ó mhí go mí. Mar shampla, áirítear custaiméirí leis a n-íoctar buníocaíocht Liúntas Leasa Forlíontach (LLF) leo (a chistítear ó Vóta 37) fad a bhíonn feitheamh orthu le cinneadh faoin n-éileamh ar Shochar Breoiteachta, Pinsean Easláine nó Pinsean Stáit (Ranníocach). Aisghabhtar an tsuim den LLF Bunúsach a íoctar ina dhiaidh sin ón CÁS nuair a bhíonn cinneadh déanta faoina n-éileamh ar Shochar Breoiteachta, Pinsean Easláine nó Pinsean Stáit (Ranníocach).

Glacadh leis in Imleabhar Meastachán Leasaithe 2019 don tSeirbhís Phoiblí go leanfadh an treocht anuas i dtaobh fáltas atá le sonrú ó 2013 ar aghaidh.

Bhí fáltais in 2019 €2 milliún ní b’airde, áfach, ná an toradh in 2018 (€3.5 milliún) agus €1.8 milliún ní b’airde ná an toradh ionchasach i meastacháin *REV* 2019. B’ionann fáltais mhíosúla, ar an meán, agus €0.5 milliún in 2019, ar méadú €0.2 milliún é seo i gcomparáid le 2018 nuair b’ionann na meánfháltais mhíosúla agus €0.3 milliún.

***6*** **Fáltais ó na ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Meastachán: €10 milliún, réadaithe: €7.477 milliún*

Rinneadh soláthar i gComhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí (an CCSP) 2018 go 2020 do ranníocaíochtaí aoisliúntais breise d’fhostaithe sa tseirbhís phoiblí a chur in ionaid an tobhaigh phinsin, agus go mbeadh tairseacha, bandaí ráta agus rátaí íocaíochta leasaithe mar thoradh air. Níor cuireadh san áireamh in Imleabhar Meastachán Leasaithe 2019 don tSeirbhís Phoiblí, a foilsíodh i mí na Nollag 2018, na hathruithe seo. Bhí an toradh do Vóta 37 €2.5 milliún ní ba lú ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán mar gheall ar thionchar na n-athruithe seo.

**7 Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa**

*Meastachán: €5.05 milliún, réadaithe: €721,000*

Níor seoladh éileamh na Roinne ar aghaidh a chumhdaigh na blianta ó 2015 go 2018 ar Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair agus *JobsPlus* in 2019, faoi mar a raibh súil leis. Tá éileamh na Roinne mar chuid d’éileamh comhiomlán a n-áirítear scéimeanna agus seirbhísí leis freisin a sholáthraíonn Ranna eile. Cé go raibh súil leis i dtosach báire go seolfaí an t-éileamh ar aghaidh i rith 2019, titfidh seo amach, ina ionad sin, in 2020.

**10 Costais oibriúcháin an Aonaid Daoine gan Dídean – ranníocaíochtaí ó ghníomhaireachtaí seachtracha**

*Meastachán: €300,000, réadaithe: €2.717 milliún*

Cuireadh próiseas ar bun chun íocaíochtaí ar riachtanais eisceachtúla a fhorchúiteamh a bhaineann le cóiríocht éigeandála a rinne an t-údarás áitiúil i gCorcaigh. Bhí meastachán 2019 caomhach. Is féidir le fáltais ón bhfoinse seo a bheith dothuartha. B'ionann iad in 2015 agus €0.3 milliún, €0.8 milliún in 2016, €1.7 milliún in 2017, €1.6 milliún in 2018 agus €2.7 milliún in 2019. Cuireadh deireadh leis an socrú le Comhairle Cathrach Chorcaí in 2019 agus aistríodh an fhreagracht ón tSeirbhís Leasa Pobail ar ais go dtí an t-údarás áitiúil. Ní dhéantar aon soláthar, ar an ábhar sin, d'fháltais i Meastachán *REV* 2020 dá bharr.

**11 Fáltais ó chuntais dhíomhaoine**

*Meastachán: €0, réadaithe: €610,000*

Úsáideadh na fáltais ó chuntais dhíomhaoine in 2019 chun ranníocaíocht a dhéanamh leis an gCiste um Chumas chun Oibriú (*Ability to Work*), a úsáidtear chun tacú le daoine faoi mhíchumas chun obair a aimsiú. Ní dhearnadh aon soláthar d'fháltais i meastacháin 2019 mar gheall nach raibh an plean chun an cistiú sin a úsáid i bhfeidhm nuair a bhí na meastacháin á dtabhairt chun críche. Seoladh an Ciste um Chumas chun Oibriú an 11 Samhain 2019 agus mar thoradh ar an tionscnamh seo, rinneadh fáltais €0.55 milliún a tharraingt anuas ó Chiste na gCuntas Díomhaoin chun conairí a fhad le fostaíocht, cúrsaí oiliúna agus forbartha scileanna a thabhairt chun cinn do dhaoine faoi mhíchumas.

Aisíocadh suim €60,000 leis an Roinn mar gheall nach bhféadfaí leanúint ar aghaidh le beart mar a beartaíodh faoi Phlean Gníomhaíochta na gCuntas Díomhaoin 2017 agus 2018.

**13 Fáltais ón gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí**

*Meastachán: €5 milliún, réadaithe: €3.507 milliún*

Tacaíonn an Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (CCEDD) le gníomhartha thíortha an AE chun cúnamh ábhartha a sholáthar (bia agus éadaí ina measc) dóibh siúd is díothaí. Fuair an Roinn iarmhéid éileamh 2017, ar a raibh luach €0.3 milliún in 2019. Sheol an Roinn a tríú héileamh faoin gclár ar aghaidh i Nollaig 2019 agus fuarthas aisíocaíocht €3.2 milliún an 20 Nollaig 2019, a thug luach na bhfáltas iomlán aníos go dtí €3.5 milliún.

**14 Ilghnéitheach**

*Meastachán: €1.3 milliún, réadaithe: €776,000*

Déantar soláthar san fhotheideal seo d'fháltais bheaga nach gcumhdaítear in aon áit eile faoi fháltais leithreasaí i gcabhair agus nach raibh coinne leo nuair a bhí na meastacháin á n-ullmhú. Rinneadh soláthar i meastachán 2019 do €1.3 milliún a raibh súil leis, lenar áiríodh seiceanna cealaithe, fáltais bheaga ilghnéitheacha agus gné bheag d'fháltais nach raibh coinne leo. Bhí an toradh foriomlán €0.8 milliún €0.5 milliún ní b'ísle ná mar a measadh.

Is iad na príomhfháltais faoin gcatagóir seo leithreasaí i gcabhair:

- €616,000 mar gheall ar sheiceanna cealaithe agus as dáta.
- €120,000 ó fháltais ilghnéitheacha aonuaire.
- €40,000 ó ghné bheag d'fháltais gan choinne.

## 4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid an 1 Eanáir | 8 | 2 |
| Airgead coinsiasa | 8 | 6 |
| Costais finné | 2 | 2 |
| Fíneálacha an Údaráis Phinsean | 12 | 4 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (24) | (6) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **6** | **8** |

## 4.3 Aisghabháil ró-íocaíochtaí cúnaimh leasa

B’ionann a leanas an staid achomair maidir le ró-íocaíochtaí cúnaimh leasa a bhainistigh an Lár-Aonad Fiachais (an LAF) amhail an 31 Nollaig 2019:

| | | 2019 Toradh | | 2018 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Ró-íocaíochtaí gan íoc amhail an 1 Eanáir | | 399,397 | | 412,170 |
| Coigeartú [a] | | — | | 483 |
| | | 399,397 | | 412,653 |
| Glan-ró-íocaíochtaí a taifeadadh | | | | |
| Calaois amhrasta | 28,642 | | 27,152 | |
| Earráid an éilitheora | 35,957 | | 46,786 | |
| Earráid na Roinne | 1,699 | | 2,262 | |
| Cásanna eastáit | 21,500 | | 14,993 | |
| | | 87,798 | | 91,193 |
| | | 487,195 | | 503,846 |
| Lúide: | | | | |
| Suimeanna a aisghabhadh [b] | (63,909) | | (64,490) | |
| Coigeartú na n-aisghabhálacha [c] | 619 | | 495 | |
| | | (63,290) | | (63,995) |
| Fiachas na bliana roimhe a cealaíodh [d] | | (7,610) | | (8,292) |
| Suimeanna a díscríobhadh mar shuimeanna do-aisghabhála[e] | | (35,100) | | (32,162) |
| **Ró-íocaíochtaí gan íoc amhail an 31 Nollaig** | | **381,195** | | **399,397** |

Nótaí

a Léiríonn an coigeartú ailíniú iarmhéid na ró-íocaíochta a tugadh anonn ó chuntais 2017 leis an liosta coigeartaithe d’fhéichiúnaithe ar an CCFF an 1 Eanáir 2018. Ní dhearnadh aon choigeartú comhfhreagrach sa bhliain 2019.

b Áirítear leis an méid a aisghabhadh in 2019:

- Breacadh €59 milliún in ioncam maidir le fiachas na bliana roimhe seo.
- Breacadh €4.9 milliún in aghaidh caiteachais maidir le fiachas na bliana reatha.

c Rinneadh an coigeartú €619,000 maidir leis na haisghabhálacha, a taifeadadh i mblianta roimhe seo, a cealaíodh in 2019.

d Is ionann fiachais chealaithe na bliana roimhe sin €7.6 milliún agus ró-íocaíochtaí a tugadh chun solais i mblianta roimhe sin a cealaíodh in 2019.

e Chríochnaigh an Roinn tionscadal i rith 2019 chun díscríobh a dhéanamh ar chásanna aonair fiachais a bhí ann le fada an lá agus a measadh nach féidir iad a aisghabháil. Rinneadh seo anuas ar dhíscríobh leanúnach i ngnáthchúrsa an ghnó. Iarradh agus fuarthas cead sonrach ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don tionscadal seo faoina ndearnadh 7,802 cás, ar an iomlán, ar a raibh luach €30.3 milliún a dhíscríobh i rith 2019. (Vóta: €26.5 milliún; an CÁS: €3.8 milliún). Críochnaíodh a mhacasamhail de thionscadal in 2018 faoina ndearnadh 33,290 cás, ar an iomlán, ar a raibh luach €41.5 milliún a dhíscríobh. (Vóta: €28.9 milliún; an CÁS: €12.6 milliún).

# Nóta 5 Soláthair Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon na bhfostaithe

| **Coibhéisí lánaimseartha** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| **Líon na foirne ag deireadh na bliana** | | |
| An Roinn | 6,041 | 6,343 |
| Gníomhaireachtaí[a] | 137 | 135 |
| | **6,178** | **6,478** |

Nóta [a] Is éard atá i measc na ngníomhaireachtaí sa nóta seo an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh, an tÚdarás Pinsean agus an Coimisiún um Pá Íseal.

## 5.2 Pá

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 294,607 | 295,617 |
| Liúntas ard-dualgais, dualgas speisialta nó dualgais bhreise | 1,248 | 1,168 |
| Liúntais eile | 356 | 360 |
| Ragobair | 2,914 | 3,087 |
| ÁSPC Fostóra | 19,704 | 19,052 |
| **Pá iomlán** | **318,829** | **319,284** |

**Luach saothair fhoireann na Roinne**

Tagraíonn na socruithe luach saothair a leanas do ghnéithe pá fhotheidil A.1 (i), A.2 (viii) agus A.2 (ix).

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 286,740 | 288,001 |
| Liúntas ard-dualgais, dualgas speisialta nó dualgais bhreise | 1,078 | 1,075 |
| Liúntais eile | 356 | 360 |
| Ragobair | 2,914 | 3,087 |
| ÁSPC Fostóra | 18,920 | 18,332 |
| **Pá iomlán** | **310,008** | **310,855** |

**Luach Saothair na Gníomhaireachta**

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 7,867 | 7,616 |
| Liúntas ard-dualgais, dualgas speisialta nó dualgais bhreise | 170 | 93 |
| Liúntais eile | — | — |
| Ragobair | — | — |
| ÁSPC Fostóra | 784 | 720 |
| **Pá iomlán** | **8,821** | **8,429** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Íocaíocht uasta aonair | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2019 | 2018 |
| | | | € | € |
| **Foireann na Roinne** | | | | |
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 497 | 17 | 38,638 | 42,926 |
| Liúntais eile | 45 | 14 | 12,365 | 12,202 |
| Ragobair | 1,566 | 20 | 16,025 | 16,153 |
| Luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin | 6 | 1 | 10,205 | 18,589 |
| **Foireann ghníomhaireachta** | | | | |
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 21 | 5 | 16,238 | 14,717 |

## 5.4 Socruithe eile luach saothair

Ba é an costas a bhí ar an bhfoireann a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn in 2019 €1.1 milliún maidir le 27 ball foirne. Déanann an Roinn na costais seo a fhorchúiteamh ó na heagraíochtaí ábhartha.

## 5.5 Ró-Íocaíochtaí Párolla

| an 31 Nollaig | Líon faighteoirí | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €milliún | €milliún |
| Ró-íocaíochtaí [a] | 628 | 2.4 | 2.3 |
| Pleananna aisghabhála atá i bhfeidhm [a] | 254 | 1.5 | 1.1 |

Aistríodh 88 duine aonair a raibh pleananna aisghabhála i bhfeidhm acu ar luach €88,772 chuig Ranna eile sa bhliain.

Nóta [a] Tá figiúirí ró-íocaíochtaí agus iad siúd i bpleananna aisghabhála 2018 atá i bhfeidhm, faoi mar a nochtadh sa nóta seo, níos ísle ná iad siúd a nochtar i nóta 5.5 ‘Ró-íocaíochtaí Párolla’ i gcuntas leithreasa 2018. Is éard is cúis leis seo ná eolas níos cruinne a sholáthair an ONSC.

## 5.6 Íocaíochtaí scarúna/iomarcaíocht

I rith 2019, íocadh íocaíochtaí iomarcaíochta le 14 chomhalta foirne ar cuireadh deireadh lena bhfostaíocht ar luach iomlán €48,259.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Costais chúitimh agus dlí

| | Líon na gcásanna | Costais dlí a d'íoc an Roinn | Cúiteamh a bronnadh | Costais dlí a bronnadh | 2019 Iomlán | 2018 Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh ag fostaithe na Roinne** | | | | | | |
| Díobhálacha pearsanta [a] | 32 | 31 | 214 | 48 | 293 | 311 |
| Sárú ar Acmhainní Daonna/ bheartais fostaíochta [b] | 4 | — | 43 | 1 | 44 | 35 |
| **Éilimh ag muintir an phobail** | | | | | | |
| Díobhálacha pearsanta [c] | 12 | 9 | 62 | 3 | 74 | 79 |
| Scéimeanna Roinne [d] | 451 | 1 | 4,291 | 202 | 4,494 | 3,621 |
| Eile [e] | 9 | 218 | 11 | 953 | 1,182 | 429 |
| | | **259** | **4,621** | **1,207** | **6,087** | **4,475** |

Nótaí

a Idir €40 agus €200,000 a bhí na costais iomlána maidir le daoine aonair.

b Idir €1,230 agus €22,799 a bhí na costais iomlána. Bhain na cásanna le conradh promhaidh a fhoirceannadh, cás comhionannais faoin Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998, cás foirceanta faoi Alt 20(1)(c) agus Alt 23(1) den Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 agus cás dífhostaithe éagóraigh de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre.

c B'ionann na costais iomlána maidir le daoine aonair agus idir €431 agus €25,000.

d Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia, íocaíochtaí mar gheall ar chumhacht ceannaigh a cailleadh agus íocaíochtaí costais dlí a mhéid le €117,209 maidir le Liúntas Cúramóra, Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair, Sochar Linbh, Liúntas Cuardaitheora Poist, Forlíonadh Cíosa, Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora, buníocaíocht Liúntas Leasa Forlíontach agus Fostaíocht Pobail. Íocadh suim €4.273 milliún le Neachtlanna Magdalen i rith 2019. Idir €43 agus €86,635 a bhí na híocaíochtaí.

e Idir €5,530 agus €616,867 a bhí na costais iomlána. Bhain na cásanna le teidlíochtaí pinsin, cearta bunreachtúla, cás maidir leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoin Acht um Chosaint Fostaíochta, 1977, gnáthchónaí, gan breith a chlárú, pósadh a chlárú (dhá chás) agus iniúchadh a dhéanamh ar scéim FP.

## 6.2 Cistiú an AE

Áirítear leis an toradh a léirítear i bhfotheidil A1, A2 agus A42 íocaíochtaí maidir le gníomhaíochtaí a chómhaoiníonn an AE. Seo a leanas na meastacháin ar fháltais agus na torthaí iarbhír a cuireadh i dtaifead i Nóta 4.1, (fotheidil 7 agus 13).

| Cur Síos ar an bhFotheideal | Meastachán 2019<br>€000 | Toradh 2019<br>€000 | Toradh 2018<br>€000 |
|---|---|---|---|
| An Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí | 260 | 3,507 | 4,640 |
| Clár Infhostaitheachta, Cuimsithe agus Foghlama Chiste Sóisialta na hEorpa | 0 | 517 | 32 |
| Seirbhísí Eorpacha Fostaíochta | 0 | 14 | 19 |
| Ciste na Saoráide um Chónascadh na hEorpa | 0 | 190 | 500 |
| Saotharlanna *EP-DeM* - Saotharlanna Cothromais, Rannpháirtíochta, Cinnteoireachta | 0 | 0 | 12 |

**An Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí**

Fuarthas cistiú €3.5 milliún ón AE maidir le clár an Chiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (CCEDD) a thacaíonn le gníomhartha thíortha an AE chun cúnamh ábhartha a sholáthar (bia agus éadaí ina measc) dóibh siúd is mó is díothaí. Tabhaíodh caiteachas €14.3 milliún nuair a bhí an clár seo á oibriú a fhad le Nollaig 2019. Soláthraíonn an AE cistiú do bhallstáit agus cuireann na ballstáit 15% de luach an chistithe seo, ar a laghad, leis. Tá an caiteachas incháilithe a fhad leis an 31 Nollaig 2023.

**Clár Infhostaitheachta, Cuimsithe agus Foghlama Chiste Sóisialta na hEorpa**

Fuarthas cistiú €516,760 ón AE do chlár an CSE (Ciste Sóisialta na hEorpa) le haghaidh Infhostaitheachta, Cuimsiú agus Foghlama (*PEIL*). Is é CSE ionstraim airgeadais an Aontais Eorpaigh chun infheistíocht a dhéanamh i ndaoine. Is é misean an CSE chun cabhrú le dífhostaíocht a chosc agus a chomhrac, chun na scileanna a thabhairt do lucht saothair agus cuideachtaí na hEorpa chun tabhairt faoi dhúshláin nua agus chun cosc a chur ar dhaoine ó chur amach a bheith acu ar an margadh saothair. Baineann an fáltas seo le héilimh chomhiomlána *EURES* don bhliain 2015, 2016 agus 2017. Comhchistíonn an AE an clár seo ar bhonn 50% trí CSE.

**Seirbhísí Eorpacha Fostaíochta**

Fuarthas suim €14,021 ón AE maidir le *EURES* (Seirbhísí Eorpacha Fostaíochta) chun saorghluaiseacht oibrithe a éascú ar fud limistéar an AE/an LEE. Eagraíonn an Coimisiún Eorpach *EURES* go lárnach agus riarann an tSeirbhís Fostaíochta Poiblí é sa bhallstát.

**Ciste na Saoráide um Chónascadh na hEorpa**

Fuarthas suim €190,000 ón AE maidir le Ciste na Saoráide um Chónascadh na hEorpa (an SCE). Cabhraíonn an SCE le Ballstáit chun Malartú Leictreonach Faisnéise Slándála a chur i bhfeidhm go náisiúnta. Tá an RGFCS agus FSS ag oibriú as lámh a chéile chun seo a chur i bhfeidhm.

## 6.3 Íocaíochtaí úis déanacha

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Íocaíochtaí úis | 4 | 3 |

## 6.4. Socraíocht cánach na gCoimisinéirí Ioncaim

Cuimsítear suim €637,000 (lena n-áirítear ús agus pionóis €135,000) sna cuntais mar íocaíocht leis na Coimisinéirí Ioncaim maidir le liúntas d’aonad imscrúduithe speisialta a measadh a bhí inchánach ón mbliain 2013 ar aghaidh.

## Aguisín A An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí Achoimre ar Chaiteachas Cláir

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€m** | **€m** |
| **Vóta 37** | | |
| **Ollchaiteachas** | **10,871** | **10,934** |
| | | |
| **Lúide caiteachas neamhscéime** | | |
| Riarachán | (541) | (541) |
| Deontas leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh | (57) | (55) |
| Deontais leis an gCoimisiún um Pá Íseal agus le hOifig an Ombudsman do Phinsin | (1) | (1) |
| Seirbhísí ilghnéitheacha | (2) | (3) |
| **Caiteachas scéime Vóta 37 (A)** | **10,270** | **10,334** |
| | | |
| **Ciste Sóisialta na hEorpa** | | |
| **Ollchaiteachas** | 10,727 | 10,056 |
| | | |
| **Lúide caiteachas neamhscéime** | | |
| Riarachán | (230) | (209) |
| Tobhach Náisiúnta Oiliúna | (712) | (566) |
| **Caiteachas scéime an Chiste Árachais Shóisialaigh (B)** | **9,785** | **9,281** |
| | | |
| **Caiteachas iomlán scéime na Roinne (A+B)** | **20,055** | **19,615** |

## Miondealú ar chaiteachas scéime

| Íocaíochtaí de réir Scéime agus Catagóire | 2019<br>€m | 2018<br>€m |
|---|---|---|
| **Pinsin** | | |
| Pinsin Stáit (Ranníocach) | 5,603 | 5,217 |
| Pinsin Stáit (Neamh-Ranníocach) | 1,043 | 1,020 |
| Pinsean Baintrí/ Baintreach Fir/ Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh | 1,559 | 1,511 |
| Deontas Méala | 1 | 1 |
| **Iomlán** | **8,206** | **7,749** |
| | | |
| **Tacaíochtaí Ioncaim Aois Oibre** | | |
| Liúntas Cuardaitheora Poist | 1,628 | 1,841 |
| Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora | 533 | 511 |
| Sochar Cuardaitheora Poist | 346 | 339 |
| Sochar Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta | 32 | 24 |
| Sochar Máithreachais | 267 | 265 |
| Sochar Atharthachta, Sochar Tuismitheoirí agus Sochar Uchtaíoch | 14 | 12 |
| Liúntas Bunúsach Leasa Forlíontach | 120 | 112 |
| Cúnamh Feirme | 69 | 74 |
| Sochar Banchéile Thréigthe | 72 | 73 |
| Aois Oibre Eile – Tacaíochtaí Ioncaim | 18 | 15 |
| Íocaíochtaí ar Riachtanais Eisceachtúla agus Phráinneacha | 43 | 42 |
| Sochair Cóireála agus Sochar Sláinte agus Sábháilteachta | 101 | 98 |
| Pinsean Baintrí/Baintreach Fir/Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamh-Ranníocach) | 14 | 14 |
| Liúntas Banchéile Thréigthe | 1 | 1 |
| **Iomlán** | **3,258** | **3,421** |
| | | |
| **Íocaíochtaí Forlíontacha** | | |
| Liúntas Cíosa | 1 | 1 |
| An Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (CCEDD) | 5 | 5 |
| Neachtlanna Magdalen agus Íocaíochtaí Institiúidí eile | 4 | 3 |
| Forlíonadh Cíosa | 125 | 175 |
| Pacáiste Sochair Teaghlaigh | 247 | 237 |
| Liúntas Tacaíochta Gutháin | 17 | 10 |
| Liúntas Breosla | 235 | 241 |
| Saorthaisteal | 94 | 87 |
| **Iomlán** | **728** | **759** |

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€m** | **€m** |
| **Tacaíochtaí Fostaíochta Aois Oibre** | | |
| Clár Fostaíochta Pobail | 353 | 353 |
| Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas | 65 | 79 |
| Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair | 60 | 90 |
| Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair | 18 | 21 |
| Scéim Socrúchán Oibre Pobail TÚS | 99 | 106 |
| *JobsPlus* | 14 | 23 |
| Aois Oibre Eile – Tacaíochtaí Fostaíochta, an Scéim Tacaíochta d'Fhostaíocht Óige ina measc | 10 | 11 |
| Scéim Shóisialta Tuaithe | 53 | 50 |
| Tionscnamh Post | 17 | 18 |
| Scéim Fostaíochta Áitiúla | 18 | 18 |
| Clubanna Post | 5 | 5 |
| Sochar Cumais Pháirtigh | 21 | 18 |
| **Iomlán** | **733** | **792** |
| **Breoiteacht, Míchumas agus Cúramóirí** | | |
| Liúntas Míchumais | 1,706 | 1,586 |
| Sochar Breoiteachta | 605 | 623 |
| Pinsean Easláine | 728 | 694 |
| Íocaíocht Chúramóra | 905 | 834 |
| Deontas Tacaíochta Cúramóra | 220 | 204 |
| Liúntas Cúram Baile | 182 | 168 |
| An Scéim Fóirdheontas Pá | 24 | 22 |
| Sochar Míthreorach | 73 | 77 |
| Pinsean na nDall | 13 | 13 |
| Sochar Báis | 10 | 9 |
| Sochar Díobhála agus Cúram Leighis | 14 | 18 |
| Tacaíochtaí Gníomhachtaithe Míchumais | 14 | 14 |
| **Iomlán** | **4,494** | **4,262** |
| **Leanaí** | | |
| Sochar Linbh | 2,103 | 2,097 |
| Íocaíocht Teaghlaigh Oibre | 397 | 411 |
| Liúntas Éadaí agus Coisbhirt chun Filleadh ar Scoil | 53 | 47 |
| Béilí Scoile | 54 | 49 |
| Íocaíochtaí a bhaineann le Leanaí | 29 | 28 |
| **Iomlán** | **2,636** | **2,632** |
| **Glanchaiteachas ar na scéimeanna go léir** | **20,055** | **19,615** |

## Aguisín B Cuntais ar chomhlachtaí agus cistí faoi choimirce na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí agus na cistí faoi choimirce na Roinne agus sa chás go bhfuil oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Tugtar le fios ann, ag an dáta a svíníodh an cuntas, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais dheireanacha a ndearnadh iniúchadh orthu agus an dáta ar cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

| Ciste comhlachta/roinne | Tréimhse dheireanach chuntas-aíochta | Dáta na tuarascála iniúch-óireachta | Dáta faighte ag an Aire/ Roinn | An dáta ar cuireadh faoi bhráid an Oireachtas é |
|---|---|---|---|---|
| Ciste Árachais Shóisialaigh | 2018 | An 24 M.F. 2019 | An 27 M.F. 2019 | An 31 D.F. 2019 |
| An tÚdarás Pinsean | 2019 | An 30 Mei 2020 | An 30 Mei 2020 | 10 Lún 2020 |
| An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh | 2018 | An 18 Nol 2019 | An 7 Ean 2020 | An 8 Ean 2020 |